2026/1460

1.7.2026

# CINNEADH (AE) 2026/1460 ÓN gCOMHAIRLE

**an 25 Meitheamh 2026**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (GOVSATCOM agus Nascthacht Shlán)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189(2) de, i gcomhar le h Airteagal 218(9), de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, *inter alia*, a leasú.

(3) Is iomchuí cearta rannpháirtíochta Stáit LEE CSTE, faoi mar a chomhaontaigh na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i gCinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 319/2021 an 29 Deireadh Fómhair 2021, a leathnú chuig comhpháirt na Cumarsáide Satailíte Rialtais (GOVSATCOM) de Chlár Spáis an Aontais agus is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chumhdach ([3]).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú, dá réir sin.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE maidir le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, beidh sé bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Meitheamh 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. PANAYIOTOU

DRÉACHT

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. …/…**

**an …**

**lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Aithníonn na Páirtithe Conarthacha an comhar foirmiúil atá ann cheana i gClár Spáis an Aontais Eorpaigh a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1]. Is mian leo cur leis an gcomhpháirtíocht láidir sin agus an comhar a leathnú chun comhpháirt na Cumarsáide Satailíte Rialtais (GOVSATCOM) de Chlár Spáis an Aontais Eorpaigh ('comhphairt GOVSATCOM')agus an Clár um Nascacht Shlán a bunaíodh le Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] ('Clár um Nascacht Shlán') a chumhdach.

(2) Is iomchuí an comhar ar ar chomhaontaigh na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i gCinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 319/2021 an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leathnú chun comhpháirt GOVSATCOM a chumhdach, faoi réir na gcomhaontuithe sonracha arna dtabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/696 agus Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2023/588 agus faoi choinníollacha na gcomhaontuithe sin.

(3) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun Rialachán (AE) 2023/588 a chumhdach, faoi réir na gcomhaontuithe sonracha arna dtabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/696 agus Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2023/588 agus faoi choinníollacha na gcomhaontuithe sin.

(4) Is i gComhaontú LEE, agus go háirithe in Airteagal 81 de, a leagtar amach coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE agus rannpháirtíocht a n-institiúidí, a ngnóthas, a n-eagraíochtaí agus a náisiúnach i gcláir an Aontais Eorpaigh.

(5) Ba cheart na comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit CSTE maidir le nósanna imeachta slándála um malartú faisnéis rúnaicmithe a chur san áireamh.

(6) Is féidir prionsabail chomhair bhreise a chomhaontú, más gá, idir na Páirtithe Conarthacha chun réimsí sonracha nach gcumhdaítear leis an gCinneadh seo a rialú.

(7) Is chun leas frithpháirteach na bPáirtithe Conarthacha é rannpháirtíocht Stáit CSTE i gcomhpháirt GOVSATCOM agus sa Chlár um Nascacht Shlán ar bhonn Comhaontú LEE.

(8) Is iomchuí tús a chur le rannpháirtíocht na hÍoslainne agus na hIorua sna coistí cláir, meithleacha agus gníomhaíochtaí eile a eascraíonn as comhpháirt GOVSATCOM agus as an gClár um Nascacht Shlán, faoi réir na gcomhaontuithe sonracha dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/696 agus Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2023/588 agus faoi choinníollacha na gcomhaontuithe sin.

---

(1) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).

(2) IO L 79, 17.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj.

(9) Trí bheith ina n-úsáideoirí ar acmhainneachtaí agus ar sheirbhísí chomhpháirt GOVSATCOM, déanfaidh an Íoslainn agus an Iorua ranníocaíocht airgeadais i mbuiséad an Aontais le haghaidh chomhpháirt GOVSATCOM i leith na mblianta airgeadais 2021 go 2026.

(10) Trí bheith ina n-úsáideoirí ar acmhainneachtaí agus ar sheirbhísí an Chláir um Nascacht Shlán, déanfaidh an Íoslainn agus an Iorua ranníocaíocht airgeadais i mbuiséad an Aontais le haghaidh an Chláir um Nascacht Shlán i leith na mblianta airgeadais 2023, 2024, 2025 agus 2026.

(11) Ag an gcéim seo, cinntear na ranníocaíochtaí ar bhonn na n-infheistíochtaí suntasacha arna ndéanamh le linn na mblianta tosaigh de chur chun feidhme an chláir. Baineann na hinfheistíochtaí sin le bonneagar a chruthú a úsáidfidh rannpháirtithe uile an chórais, an Íoslainn agus an Iorua san áireamh.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar Airteagal 1 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú mar a leanas:

1. Leasófar mír 8e mar a leanas:

   (a) i bpointe (a), scriosfar na focail ‘Cumarsáid Satailíte Rialtais (GOVSATCOM) agus’;

   (b) déanfar pointí (b) go (o) a athuimhriú mar phointí (c) go (p);

   (c) cuirfear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (a):

   ‘(b) Féadfaidh Stát de chuid CSTE páirt a ghlacadh sa Chumarsáid Satailíte Rialtais (GOVSATCOM) faoi réir comhaontú sonrach dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/696 agus faoi choinníollacha an chomhaontaithe sin.’;

   (d) cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe (c):

   ‘Déanfaidh Stáit CSTE ranníocaíocht airgeadais i leith na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear faoi phointe (a) i gcomhréir le hAirteagal 82(1)(a) den Chomhaontú agus Prótacal 32 a ghabhann leis.

   Déanfaidh Stáit CSTE ranníocaíocht airgeadais i leith na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear faoi phointe (b) i gcomhréir le hAirteagal 82(1)(a) den Chomhaontú agus Prótacal 32 a ghabhann leis, i ndiaidh comhaontú dá dtagraítear faoi phointe (b) a thabhairt i gcrích.

   Ina theannta sin, i gcomhreir le hAirteagal 82(1)(c) agus (2) den Chomhaontú agus faoi mar a comhaontaíodh i gcomhréir le míreanna 8 agus 9 d’Airteagal 1 de Phrótacal 32 a ghabhann leis an hComhaontú, déanfaidh an Íoslainn, i ndiaidh dóibh comhaontú dá dtagraítear faoi phointe (b) a thabhairt i gcrích ranníocaíocht EUR 147 492 (céad daichead a seacht míle, ceithre chéad nócha a dó) le comhpháirt GOVSATCOM i leith na mblianta airgeadais 2021 go 2026. Is in aon tráthchuid amháin a íocfar an méid sin, agus tá siad le cur leis an nglao ar chistí i gcomhair na bliana airgeadais 2027 dá dtagraítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 2(2) de Phrótacal 32.

   Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 82(1)(c) agus (2) den Chomhaontú agus faoi mar a comhaontaíodh i gcomhréir le míreanna 8 agus 9 d’Airteagal 1 de Phrótacal 32 a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Iorua, i ndiaidh dóibh comhaontú dá dtagraítear faoi phointe (b) a thabhairt i gcrích, ranníocaíocht EUR 2 447 865 (dhá mhilliún, ceithre chéad daichead a seacht míle, ocht gcéad seasca a ceathair) le comhpháirt GOVSATCOM i leith na mblianta airgeadais 2021 go 2026. Is in aon tráthchuid amháin a íocfar an méid sin, agus tá siad le cur leis an nglao ar chistí i gcomhair na bliana airgeadais 2027 dá dtagraítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 2(2) de Phrótacal 32.’;

(e) i bpointe (d), cuirfear an focal '(c)' in ionad an fhocail '(b)';

(f) cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe (o):

'Maidir le Lichtinstéin, cuirfear an mhír seo ar fionraí go dtí go ndéanfaidh Comhchoiste LEE a mhalairt de chinneadh.'.

2. Cuirfear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 8e:

'8f. (a) Glacfaidh Stáit CSTE páirt i ngníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a eascairt as an ngníomh AE seo a leanas:

— **32023 R 0588**: Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

In Airteagal 5(5) cuirtear na focail "nó as críoch Stáit de chuid CSTE atá rannpháirteach" isteach tar éis na bhfocal "tríú tír".

(b) Féadfaidh Stát de chuid CSTE a bheith rannpháirteach i gClár an Aontais um Nascacht Shlán comhaontú sonrach dá dtagraítear in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2023/588 agus faoi choinníollacha an chomhaontaithe sin.

(c) Déanfaidh Stáit CSTE ranníocaíocht airgeadais i leith na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear faoi phointe (a) i gcomhréir le hAirteagal 82(1)(a) den Chomhaontú agus Prótacal 32 a ghabhann leis, i ndiaidh comhaontú dá dtagraítear faoi phointe (b) a thabhairt i gcrích.

Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 82(1)(c) agus (2) den Chomhaontú agus faoi mar a comhaontaíodh i gcomhréir le míreanna 8 agus 9 d'Airteagal 1 de Phrótacal 32 a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Íoslainn, i ndiaidh comhaontú dá dtagraítear faoi phointe (b) a thabhairt i gcrích, rannaíocaíocht EUR 1 173 139 (milliún, céad seachtó a trí mhíle, céad tríocha a naoi) le haghaidh na mblianta airgeadais 2023, 2024, 2025 agus 2026. Is in aon tráthchuid amháin a íocfar an méid sin, agus tá sí le cur leis an nglao ar chistí i gcomhair na bliana airgeadais 2027 dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 2(2) de Phrótacal 32.

Ina theannta sin, i gcomhréir le Airteagal 82(1)(c) agus (2) den Chomhaontú agus faoi mar a comhaontaíodh i gcomhréir le míreanna 8 agus 9 d'Airteagal 1 de Phrótacal 32 a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Íoslainn, i ndiaidh comhaontú dá dtagraítear faoi phointe (b) a thabhairt i gcrích, rannaíocaíocht EUR 19 801 544 (naoi milliún déag, ocht gcéad is a haon, cúig chéad daichead a trí) le haghaidh na mblianta airgeadais 2023, 2024, 2025 agus 2026. Is in aon tráthchuid amháin a íocfar an méid sin, agus tá sí le cur leis an nglao ar chistí i gcomhair na bliana airgeadais 2027 dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 2(2) de Phrótacal 32.

(d) Maidir le Lichtinstéin, cuirfear an mhír seo ar fionraí go dtí go ndéanfaidh Comhchoiste LEE a mhalairt de chinneadh.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE (*).

(*) [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, ….

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*Rúnaithe*

*Chomhchoiste LEE*